C/2025/1146

19.2.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/1146)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Vernaccia di San Gimignano'

PDO-IT-A1292-AM02

Dáta na teachtaireachta: 20.11.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Soiléiriú maidir le cineál Sauvignon

Tuairisc:

Maidir leis na cineálacha fíniúna a bhféadfar iad a úsáid de bhreis ar an teaglaim cineálacha fíniúna suas le 10 % ar a mhéad, cuireadh an focal 'blanc' leis an gcineál fíniúna 'Sauvignon'.

Cúis:

Soiléiriú ar cén chineál fíniúna a bhféadfar é a úsáid mar chineál breise suas le huasmhéid 10 %.

Baineann an leasú le hAirteagal 2(2) den tsonraíocht táirge.

2. Iarscríbhinn 1 agus na tagairtí di a scriosadh

Tuairisc:

Rinneadh Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge, ar iarscríbhinn í a bhaineann leis an liosta cineálacha atá oiriúnach lena saothrú i réigiún na Tuscáine, mar aon leis an tagairt di sa tsonraíocht, a scriosadh.

Cúis:

Ós rud é go ndéanann an teaglaim cineálacha fíniúna tagairt cheana féin do na cineálacha fíniúna breise a áirítear i liosta réigiún na Tuscáine, measadh gurbh fhearr an liosta in Iarscríbhinn 1 a scriosadh, chun nuashonrú leanúnach an liosta a sheachaint.

Baineann an leasú le hIarscríbhinn 1 agus le hAirteagal 2(3) den tsonraíocht táirge.

3. Ceartú na míre maidir le huastáirgeacht fíonchaor

Tuairisc:

Ceartaíodh an mhír maidir le huastáirgeacht fíonchaor trí thagairtí beachta foilseacháin na sonraíochta táirge a chur in ionad na bhfocal 'an tsonraíocht seo'.

Cúis:

Tá gá leis an leasú sin anois chun dáta foilsithe na sonraíochta a shoiléiriú, ar dáta é a bhfuil tagairt le déanamh dó maidir le fíonghoirt nach ceadmhach a meán-uastáirgeacht a bheith níos mó ná 4,0 kg in aghaidh na fíniúna iarbhír.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 4(7) den tsonraíocht táirge.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta**

Tuairisc:

Rinneadh roinnt tagairtí reachtacha a thabhairt cothrom le dáta nó cuireadh tagairt chineálach don reachtaíocht atá i bhfeidhm ina n-ionad.

Cúis:

Reachtaíocht earnála a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú le hAirteagail 5(9), 5(10) agus 7(4) (7(3) roimhe seo) den tsonraíocht táirge.

5. **Scriosadh na míre maidir le teorainn táirgeachta a shocrú atá níos ísle ná an teorainn a leagtar síos sa tsonraíocht ag an réigiún**

Tuairisc:

Scriosadh an mhír ina luaitear go bhféadfadh Réigiún na Tuscáine, ar thogra ón Consorzio di Tutela, tar éis dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí trádála ábhartha, foraithne a eisiúint roimh an mbuaint ó bhliain go bliain chun teorainn táirgeachta a bhunú atá níos ísle ná an teorainn a leagtar síos sa tsonraíocht, agus lena dtugtar fógra láithreach don chomhlacht rialúcháin agus don Aireacht um Beartais Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta.

Cúis:

Tá ionadú déanta ar an bhforáil.

Baineann an leasú le scriosadh iomlán Airteagal 4(9) den tsonraíocht táirge.

6. **Scriosadh na míre maidir leis an bhféidearthacht go leasódh an Aireacht na teorainneacha íosta le haghaidh aigéadacht iomlán agus eastóscán saor ó shiúcra**

Tuairisc:

Scriosadh an mhír lena gceadaítear don Aireacht leasú a dhéanamh ar na teorainneacha íosta le haghaidh aigéadacht iomlán agus eastóscán saor ó shiúcra a leagtar síos sa tsonraíocht.

Cúis:

Tá ionadú déanta ar an bhforáil.

Baineann an leasú le scriosadh iomlán Airteagal 6(2) den tsonraíocht táirge.

7. **An téarma geografach sainordaitheach 'Toscana' a chur ar an lipéad**

Tuairisc:

Cuireadh isteach an ceanglas maidir leis an téarma geografach 'Toscana' a bheith ar an lipéad agus sainmhíníodh na sonraíochtaí ábhartha maidir le húsáid an téarma agus maidir le diúscairt lipéad.

Cúis:

Tugadh an leasú isteach chun go mbeidh sé indéanta fíonta an ainmniúcháin lena ngabhann an limistéar táirgeachta a shainaithint ar bhealach níos fearr agus chun an t-ainmniúchán a neartú, ós rud é go bhfuil 'Toscana' ar cheann de na téarmaí is tábhachtaí agus is mó meas ar domhan, ach chun fíonta Tuscánacha a chur chun cinn freisin i dteannta a chéile ar mhargaí eachtracha.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht, trí mhí 7.2 agus an roinn maidir le 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair a chur isteach.

8. **An nasc leis an timpeallacht gheografach a thabhairt cothrom le dáta**

Tuairisc:

Níor leasaíodh an t-airteagal maidir leis an nasc leis an timpeallacht gheografach, ach cinneadh an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach' a athscríobh.

Cúis:

An fhaisnéis dá ndéantar foráil cheana sa tsonraíocht táirge a áireamh sa doiciméad aonair. Dá bhrí sin, ní bhaineann athscríobh na roinne sin ach le foirm an téacs.

Baineann an leasú sin leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach'.

9. **Leasuithe foirmiúla**

Tuairisc:

Rinneadh leasuithe foirmiúla chun ainm na hAireachta agus seoladh cheanncheathrú an chomhlachta cigireachta a cheartú.

Cúis:

Ceartúcháin de thoradh an athraithe ar ainm na hAireachta agus ar ainm cheanncheathrú an chomhlachta cigireachta.

Baineann an leasú le hAirteagal 10(1) den tsonraíocht táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Vernaccia di San Gimignano

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód ainmníochta comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Vernaccia di San Gimignano agus Vernaccia di San Gimignano Riserva

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath buí na tuí mar aon le himireacha óir a éiríonn níos suntasaí le haosú.

Dea-bholadh: fíneálta, mín lena ngabhann blasanna torthaíocha; mar thoradh ar bhailchríochnú agus ar aosú, forbraíonn siad imireacha mianracha.

Blas: tirim, comhchuí, tathagach, agus iarbhlas sainiúil almóinne air uaireanta.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 %; 12,50 % de réir toirte i gcás an chineáil 'Riserva'.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 16,00.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Vernaccia di San Gimignano – Fíonóireacht, aosú, bailchríochnú agus buidéalú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór fíonóireacht, aosú, bailchríochnú agus buidéalú a dhéanamh laistigh de chríoch bhardas San Gimignano.

Ní mór an cineál 'Riserva' a aosú ar feadh 11 mhí ar a laghad ón 1 Eanáir den bhliain tar éis na bliana inar fásadh na fíonchaora.

Sula gcuirtear an fíon i gcúrsaíocht, ní mór é a bhailchríochnú sa bhuidéal ar feadh 3 mhí.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Vernaccia di San Gimignano agus Vernaccia di San Gimignano Riserva

9 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Vernaccia di San Gimignano agus Vernaccia di San Gimignano Riserva

67,50 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Faightear na fíonchaora atá le húsáid chun fíon 'Vernaccia di San Gimignano' a tháirgeadh ó fhíonghoirt atá suite ar thaobhanna cnoic i mbardas San Gimignano i gcúige Siena.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Vernaccia di San Gimignano B. – Vernaccia

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

1) Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Tá an limistéar táirgeachta go hiomlán laistigh de bhardas San Gimignano, atá suite in iarthuaisceart chúige Siena, i gcroílár na Tuscáine, leath bealaigh idir cósta Thoirian agus an droim Aipiníneach. Is limistéar cnocach é atá sa raon ó 67 m go 629 m os cionn leibhéal na farraige; is de thionscnamh Pléicéineach iad na hithreacha, a théann siar go dtí idir 6,8 agus 1,8 milliún bliain ó shin.

Cruthaíodh an talamh a úsáidtear chun fíon 'Vernaccia di San Gimignano' a tháirgeadh ar shil-leaganacha muirí Pléicíneacha agus is éard atá ann gaineamh buí (tufo) agus cré bhuí agus liath a shrathaítear go minic ar chréanna níos dlúithe agus níos doimhne. Ina theannta sin, saintréith dá chuid is ea gaineamh ina bhfuil clocha agus siostaí créúla, ar cumasc é a chruthaíonn dálaí fabhracha le haghaidh threá na bhfréamhacha plandaí. Is iondúil go mbíonn ábhar orgánach iontu, mar gheall ar churaíocht agus ar shaothrú barr arís agus arís eile thar na céadta blianta. Maidir leis na cionmhaireachtaí comhcheangailte éagsúla gainimh, cré, ábhair orgánaigh agus cloch, ar saintréithe iad de chuid na n-ithreacha aonair, is toisc thábhachtach iad lena gcinntear airíonna na bhfíonchaor agus na bhfíonta lena bhfeabhsaítear tathag, úire agus acmhainneacht aosaithe na bhfíonta; tá na saintréithe sin coitianta i gcás fhíonta ar leithligh Vernaccia agus, ag an tráth céanna, is iad a shainíonn na fíonta sin.

Tá na fíonghoirt suite idir 70 m agus 500 m os cionn leibhéal na mara, agus grádáin agus nochtaí éagsúla acu agus sin ag brath ar an taobh cnoic ar a bhfuil siad lonnaithe.

Tá aeráid fho-Mheánmhuirí ann sa limistéar lena ngabhann samhraí measartha tirim, geimhrí sách fuar agus báisteach le linn dhá thréimhse ar leith: deireadh an fhómhair-tús an gheimhridh agus deireadh an gheimhridh-tús an earraigh.

Na teochtaí, is gnáth-theochtaí de chuid aeráid an limistéir iad. Bíonn an mheánbháisteach bhliantúil thart ar 700 mm, dáiltear í thar 83 lá báistí ar an meán, agus bíonn íosmhéid choibhneasta ann sa samhradh agus bíonn buaicphointe ann san fhómhar. Bíonn an limistéar dea-aeraithe ó cheann ceann na bliana. Is annamh a bhíonn ceo ann.

2) Tosca daonna is ábhartha don nasc

Tá tábhacht mhór ag baint leis na tosca daonna atá nasctha leis an limistéar físonsaothrúcháin, áit a bhfuil traidisiún seanbhunaithe ag na daoine maidir le fíonta 'Vernaccia di San Gimignano' a tháirgeadh.

Tá flúirse fianaise seandálaíochta ann maidir le físonsaothrú i limistéar San Gimignano ar fianaise í a théann siar go haimsir na nÉatrúscach. Ar feadh na gcéadta blianta, ba é táirgeadh agus díol fíona an phríomhghníomhaíocht talmhaíochta agus eacnamaíoch. Tá taifid stairiúla ann sna rialacháin chánach bhardasacha maidir le táirgeadh agus margú fhíon 'Vernaccia di San Gimignano' chomh fada siar le 1276.

Tugadh físonchaor Vernaccia isteach i limistéar San Gimignano le linn an 12ú haois. Rinne SERge-GEnomics, ar seachchuideachta é de chuid Ollscoil Siena a choimisiúnaigh San Gimignano Consorzio della Denominazione [cuibhreannas ainmniúcháin] chun géanóm Vernaccia di San Gimignano a shainiú, staidéar agus is suimiúil an rud é gur léiríodh ann go bhfuil físiúnacha táirgiúla an lae inniu an-chosúil ó thaobh na ngéinte de, toisc go bhfuil fréamh choiteann acu uile, gan aon éilliú i gcaitheamh na gcéadta blianta ó fhíniúnacha eile ó réigiúin eile: 'Chuir na sonraí a fuarthas ar ár gcumas próifíl ghéinitíopa na físonchaoire Vernaccia a fhástar i mbardas San Gimignano a shainaithint go soiléir, rud a dheimhníonn go bhfuil sí ag teacht leis an gcineál físiúna a stóráiltear sna bailiúcháin tagartha oifigiúla (CRA-VIT Conegliano Veneto)...'

Le himeacht na gcéadta blianta, le saothar daonna múnlaíodh an tuath, códaíodh na córais éagsúla oiliúna agus phlandaithe, tugadh na teicnící físonóireachta cothrom le dáta agus tugadh cineálacha físonchaor geal eile isteach chun 'Vernaccia di San Gimignano' a chomhlánú, rud a d'fhág go bhfuil an staid reatha a dtugtar tuairisc uirthi sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair, is é sin le rá, gurb é toradh an traidisiúin agus na nuálaíochta é i dtaca le saothrú leanúnach fíonta ar chaighdeán níos fearr.

Ceadaíonn an tsonraíocht go leor saoirse maidir le córais oiliúna thraidisiúnta na Tuscáine a úsáid ach cuireann sí gach córas treoraithe lastuas as an áireamh toisc nach bhfuil siad comhoiriúnach le timpeallacht taoibh cnoic in aeráid fho-Mheánmhara.

Is é atá sna cleachtais físonóireachta na cleachtais sin atá bunaithe go traidisiúnta sa limistéar chun fíonta geala socra a dhéanamh, agus iad arna ndifreáil go hoiriúnach de réir cineáil; Tá 'Vernaccia di San Gimignano' ar cheann den fhíorbheagán fíonta geala Iodálacha a tháirgtear freisin mar chineál 'Riserva', ar físon é atá níos struchtúrtha agus a bhfuil tréimhse bhailchríochnaithe, de chineál a léirítear in Airteagal 6(5), i gceist lena tháirgeadh.

8.2. *B) Faisnéis faoi cháilíocht agus faoi shaintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go hiomlán i leith na timpeallachta geografaí*

Tagraíonn Ainmniúchán Tionscnaimh Cláraithe agus Ráthaithe Vernaccia di San Gimignano do dhá chineál fíona ghil ('bonn' agus 'riserva') a bhfuil tréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha an-soiléir agus an-sonrach iontu, a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 6 den tsonraíocht, ar tréithe iad lenar féidir iad a shainaithint go soiléir i dtéarmaí a suímh gheografaigh. Go háirithe, bíonn dath buí na tuí orthu mar aon le himireacha óir a éiríonn níos suntasaí tar éis iad a aosú. Bíonn dea-bholadh físeálta agus mín orthu mar aon le blasanna torthaíocha, ar féidir leo blasanna mianracha a fhorbairt mar thoradh ar bhailchríochnú agus ar aosú. Bíonn blas tirim, comhchuí, tathagach ar na fíonta uile sa bhéal, agus bíonn iarbhlas sainiúil almóinne orthu uaireanta.

8.3. *C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na tosca dá dtagraítear i bpointe A) agus na tosca dá dtagraítear i bpointe B)*

Go bunúsach, is cineál físiúna dúchasaí é Vernaccia di San Gimignano, atá thar a bheith bríomhar agus láidir, agus tá sé ar cheann de na fíonta is ársa dá bhfuil ann san Iodáil, agus is físon é a bhfuil stair aige atá fite fuaite le stair chathair agus fhearann San Gimignano: tar éis é a tháirgeadh i gcainníochtaí móra sa tréimhse mheánaoiseach, dála na cathrach, tháinig meath air ar feadh tréimhse fhada go dtí an dara leath den 20ú haois, nuair a athbheodh é agus nuair a bhain sé rath athnuaite amach.

Deirtear gur duine áirithe darbh ainm Vieri de'Bardi a thug an fhíniúin isteach ó Liguria (ó Vernazza, rud a mhíníonn an t-ainm) thart ar an mbliain 1200, ach tá a tionscnamh éiginnte; maíonn daoine eile go dtagann an t-ainm ón vernaculum Laidineach, rud a chiallaíonn dúchasach, rud a léiríonn táirgí tipiciúla de chuid críche, rud a mhíneodh cén fáth go n-úsáidtear an t-ainm Vernaccia freisin le haghaidh fíniúnacha atá éagosúil go hiomlán lena chéile, mar shampla Oristano agus Serrapetrona.

Tá taifid stairiúla ar Vernaccia ann ó bhlianta luatha na 1200idí: in 1276, tagraíonn rialacháin chánach bhardas San Gimignano d'fhorchur cháin trí 'soldo' le haghaidh gach ualach Vernaccia a dhíoltar lasmuigh den chríoch bhardasach, rud a léiríonn go raibh a cháil scaipthe cheana féin thar bhallaí na cathrach, rud a dheimhnítear freisin leis an iliomad tagairtí liteartha dó sa tréimhse ón 13ú haois go dtí an 16ú haois.

B'fhéidir gurb í an tagairt is cáiliúla an ceann do Dante Alighieri a chuireann an Pápa Máirtín IV chuig an bPurgadóir sa Choiméide Dhiaga chun leorghníomh a dhéanamh i leith a chuid peacaí craois, go háirithe eascanna Bolsena arna gcócaráil in Vernaccia: '...bhí an Eaglais faoina choimeád aige; ba as Tours dó agus, trí throscadh a dhéanamh, fuair sé réidh le heascanna Bolsena agus cupáin muscadel [Vernaccia]...', Purgadóir, Canto XXIV.

Déanann Michelangelo 'Óg' Buonarroti cur síos ar an gcuma a bhí ar an bhfíon an tráth sin, is é sin le rá fíon 'a thugann póg, a líonn, a bhaineann greim, a thugann buille, a ghathaíonn' — atá milis, ach é tainneach agus searbh, agus é an-éagsúil leis an bhfíon sa lá atá inniu ann, cé gur féidir a thuiscint ó na staidéir eolaíocha a rinneadh ar DNA Vernaccia, go dtagann an difríocht as cuimse ó na teicnící fáis agus fíonóireachta, seachas ó aon difríocht sa chineál fíniúna Vernaccia.

Tagann breithiúnas saineolach ar cháilíocht an fhíona ó Sante Lacerio, 'sommelier' de chuid an Phápa Pól III, a bhfuil aiféala air, i litirin 1541, tar éis dó 80 fleascán de Vernaccia a iarraidh ar an mbardas, go gcuirtear an iomarca béime in San Gimignano ar ealaín agus eolaíocht a shaothrú, seachas Vernaccia a shaothrú, '... ar deoch fhoirfe é d'uasal, agus is mór an náire nach mbaineann an áit leas níos mó as...'

Dá bhrí sin, is taifead stairiúil é an nasc lárnach idir Vernaccia di San Gimignano agus an limistéar, mar an gcéanna le táirgeadh an fhíona a bheith, ar feadh na gcéadta blianta, ina phríomhítim eacnamaíoch agus gur mhúnlaigh fíonsaothrú an tírdhreach fisiciúil; is fíor freisin nár scaip an cineál fíniúna seo an oiread céanna i gcodanna eile den Iodáil agus a scaip sé in San Gimignano, cé go ndearna ceannaithe iarracht an fhíniúin a onnmhairiú chuig áiteanna eile ó bhí na meánaoiseanna ann, mar gheall ar a cháil, ach gan rath marthanach.

Tar éis an ratha mhóir a bhí air i réanna na Meánaoise agus na hAthbheochana, cailleadh beagnach gach rian de Vernaccia go dtí tar éis an Dara Cogadh Domhanda, nuair a d'aimsigh saothróirí fíniúna San Gimignano luach na fíniúna ársa arís agus nuair a chuir siad tús leis an bpróiseas as ar eascair an tAinmniúchán Tionscnaimh Cláraithe in 1966: gradam eile de chuid Vernaccia di San Gimignano is ea gurbh é an chéad fhíon san Iodáil a thuill an teideal sin, agus a thuill an tAinmniúchán Tionscnaimh Cláraithe agus Ráthaithe ina dhiaidh sin in 1993.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Oibleagáid chun an téarma geografach 'Toscana' a bheith ar an lipéad

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an téarma geografach 'Toscana' a bheith le feiceáil ar an lipéad.

Ní mór an fhoclaíocht seo a leanas, ina hiomláine agus san ord seo a leanas, a bheith ar lipéadú an ainmniúcháin 'Vernaccia di San Gimignano' i gcónaí:

Vernaccia di San Gimignano

Denominazione di Origine Controllata e Garantita (nó an giorrúchán DOCG)

Riserva (i gcás an chineáil sin)

Toscana

Ní mór an téarma 'Toscana' a bheith le feiceáil i gcarachtair atá ar aon dul le cló, stíl, spásáil, scáth agus déine dhathmhéadrach na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh na bhfocal 'Vernaccia di San Gimignano'. De bhreis air sin, ní mór an téarma 'Toscana' a bheith le feiceáil i gceannlitreacha agus/nó i litreacha beaga aonfhoirmeacha, i gcomparáid leo siúd a úsáidtear le haghaidh na bhfocal 'Vernaccia di San Gimignano', agus ar chúlra aonfhoirmeach le haghaidh sheicheamh iomlán na dtásc a liostaítear sa mhír sin roimhe sin, agus ní ceadmhach na litreacha a bheith níos mó ná 2/3 den mhéid a úsáidtear le haghaidh na bhfocal 'Vernaccia di San Gimignano'.

Tá an oibleagáid dá dtagraítear sa mhír seo gan dochar do dhiúscairt lipéad le haghaidh baisceanna pacáistíochta táirgí a eascraíonn as buaint 2024 agus as buaint roimhe sin, nach bhfuil an téarma 'Toscana' orthu, arna sealbhú ag na cuideachtaí lena mbaineann ar dháta theacht i bhfeidhm na Foraithne lena bhformheastar an leasú ar an tsonraíocht seo, ar táirgí iad a fhéadfar a úsáid go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/22157